

POTA BREISE OLLSOLÁTHAIR: €400,000 sa bhliain ar feadh ceithre bliana

Seánraí Cláir: Ceol Traidisiúnta; Siamsaíocht Náisiúnta; Faisnéis Náisiúnta, Faisnéis Staire.

Spríodhata: 5 i.n. Dé hAoine, an 31 Iúil 2020.

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ar Phóta Ollsoláthair sa bhreis i gceann de na réimsí seo a leanas: Ceol Traidisiúnta, Siamsaíocht Náisiúnta, Faisnéis Náisiúnta nó Faisnéis Staire.

Táthar ag súil go mbeidh conradh léirithe an ollsoláthair seo sínithe faoi thús mhí Dheireadh Fómhair 2020. Mairfidh an conradh ollsoláthair ar feadh tréimhse 4 bliana. Beifear ag súil go dtosófar ag cur na gclár ar fáil ó Shamhradh 2021 ar aghaidh ach is féidir cláir a chur ar fáil roimhe sin.

Seo a leanas na critéir le haghaidh cinneadh eagarthóireachta don bhabhta coimisiúnaithe ollsoláthair seo:

- Caighdeán, cruthaitheacht agus breisíocht an ollsoláthair do chlársceideal TG4
- Oiriúint eagarthóireachta do riachtanais agus do shealanna sceidil TG4
- Costas in aghaidh na huaire
- Taithí ar léiriúchán teilifíse
- Taithí ar shuim an lucht féachana náisiúnta a spreagadh maidir le hábhar ar na meáin éagsúla
- Struchtúr láidir gnó ag an gcomhlacht
- Polasaí ag an gcomhlacht chun úsáid na Gaeilge a fhorbairt
- Cultúr sa chomhlacht i bhfabhar cómhaoinithe agus comhléirithe

Meastar nach gcaithfidh TG4 níos mó ná €400,000 in aghaidh na bliana ar an ollsoláthar coimisiúnaithe seo. Roghnófar an t-iarratas is fearr i **seánra amháin** as na ceithre seanrá cláir seo ar leanas:

1. Siamsaíocht cheoil thraidisiúnta 2. Siamsaíocht fhíorasach 3. Fíorasach Náisiúnta 4. Fíorasach Náisiúnta Staire.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith mar chuid den iarratas:

1. An pota/seánra atá i gceist san iarratas.
2. Achoimre chruthaitheach ar na huaireanta go léir de chlár sa chéad bhliain
3. Moltaí samplacha a léiriú ar na cláir don chonradh ceithre bliana go léir
4. Tuiscint shoiléir ar an ngrúpa déimeagrafach nó ar an sainghrúpa den lucht féachana a mbeidh na cláracha dírithe orthu
5. Moltaí samplacha a léiriú do cheangail ilmheáin eile (idirlíon/meáin shóisialta/raidíó)

6. Ainmneacha don príomh tallann a bheidh ar chúl an cheamara agus os a chomhair sa chéad bhliain
7. Uaireanta an chloig de chlár sa bhliain a mholann an comhlacht léirithe

Beidh feidhmeannaigh de chuid TG4 ar fáil idir seo agus an spriocdháta le ceisteanna a fhreagairt ar na réimsí éagsúla thuas luaite. Le heolas a fháil faoin mbealach le cruinniú a shocrú, nó má tá aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den bhabhta seo, cuir r-phost chuig Mary Ellen Ní Chualáin maryellen.ni.chualain@tg4.ie nó ag ollsolathartg4@tg4.ie. Cuirfear deis ar fáil na hiarratais seo a phlé agus a fhorbairt trí agallamh le hiarratasóirí nuair a dhúnfar an babhta coimisiúnaithe.

GNÉITHE DEN OLLSOLÁTHAR

1. Fíorasach – Lucht Féachana Náisiúnta

Clár faisnéise aonair uair an chloig nó sraith faisnéise ina léirítear scéal láidir, tábhachtach agus atá feiliúnach do phríomhsceideal TG4. Is féidir le scéalta súil ghéar a chaitheamh ar shaol na hÉireann trí bhreathnóireacht nó trí mheascán de mhodhanna scéalaíochta agus athchruthaíochta a mheallfaidh an lucht féachana is leithne.

An chéad am craolta: Dé Céadaoin, 9.30pm

Formáid: Sraith de chlár faisnéise láidre, tarraingteacha 50 nóiméad ar fhad.

Lucht Féachana: Náisiúnta

Buiséad don ghné in aghaidh na bliana: €400k

Fad an chonartha ollsoláthair: Fómhar 2020 go ceann ceithre bliana

Uaireanta le soláthar: Moladh le teacht ón gcomhlacht léirithe.

2. Fíorasach Staire - Lucht Féachana Náisiúnta

Clár atá siamsúil, suimiúil agus a thugann eolas nua don lucht féachana is ea na clár faisnéise staire is fearr. Táimid ag iarraidh smaointe le scéalta staire a insint ar bhealach nua le teicnicí nó formáidí cliste scéalaíochta. Tá sé tábhachtach go mbeimis ábalta tuiscint a fháil ar phearsana sa stair, díreach mar a bheidís fós ar an saol seo.

An chéad am craolta: Lá i rith na seachtaine, 9.30pm.

Formáid: Clár aonair nó sraith staire, 50 nóiméad nó 75 nóiméad ar fhad.

Lucht Féachana: Náisiúnta.

Buiséad don ghné in aghaidh na bliana: €400k

Fad an chonartha ollsoláthair: Fómhar 2020 go ceann ceithre bliana

Uaireanta le soláthar: Moladh le teacht ón gcomhlacht léirithe.

3. Siamsaíocht Fhíorasach – Lucht Féachana Náisiúnta

Is féidir formáid fhíorasach nó sraith bhreathnaitheach a bheith i gceist nó sainshraith fhíorasach más sraith í a bheidh siamsúil agus uailmhianach! Bíonn iomaíocht mhór ann d'am craolta Déardaoin @ 9:30pm agus mar sin ní mór don tsraith a bheith bainteach le saol na linne, ábhartha, dúshlánach agus conspóideach in amanna. Ní mór dó a bheith croíúil agus siamsúil agus go mbeadh sé nádúrtha.

An chéad am craolta: Déardaoin, 9.30pm

Formáid: Sraith de chlár shiamsaíochta fhíorasacha láidre, tarraingteacha 50 nóiméad ar fhad.

Lucht Féachana: Náisiúnta

Buiséad don ghné in aghaidh na bliana: €400k

Fad an chonartha ollsoláthair: Fómhar 2020 go ceann ceithre bliana

Uaireanta le soláthar: Moladh le teacht ón gcomhlacht léirithe.

4. Siamsaíocht cheoil thraidisiúnta – Lucht Féachana Náisiúnta

Sraith clár agus / nó clár aonair uair an chloig ar fhad, idir fhaisnéis agus thaibhiú an cheoil a chruthaíonn ardáin agus cóiriú nua don cheol agus don amhránaíocht thraidisiúnta agus a dhéanann ceiliúradh ar shaibhreas ár n-ealaíon dúchasach. Is féidir réimse an cheoil a mheascadh le réimsí eile faisnéise, m.sh: clár taistil ceoil, beathaisnéise agus ceol a bheidh feiliúnach le craoladh sa phríomhsceideal ceoil Dé Domhnaigh ag 21.30.

An chéad am craolta: Dé Domhnaigh, 9.30pm.

Formáid: Sraith de chlár 50 nóiméad ar fhad.

Lucht Féachana: Náisiúnta

Buiséad don ghné in aghaidh na bliana: €400k

Fad an chonartha ollsoláthair: Fómhar 2020 go ceann ceithre bliana

Uaireanta le soláthar: Moladh le teacht ón gcomhlacht léirithe.

Dé hAoine an 31ú Iúil 2020 ag 5.00 pm an sprioc-am d'iarratais ollsoláthair.

Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin <http://update.tg4.ie/ecommm/login.php>, agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am tríd an rogha, '**Pota Breise 2020**', ón roghchlár anuas. Tíocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus caithfidh na comhlachtaí iad féin déanamh cinnte gur seachadadh na hiarratais.

Má tá aon cheist maidir leis an bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Anna Marie Nic Dhonnacha - annamarie.nic.dhonnacha@tg4.ie

Táthar ag súil le cinnidh ó TG4 **Dé hAoine an 30 Meán Fómhar, 2020.**

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghas, ná le haon iarratas.

Beidh aon chonradh ag brath ar Theastas Glanta Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Acht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar an eolas íogair (más ann) agus a rá cén chúis gur eolas íogair é. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 eolas a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur eolas íogair é agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4 aige.

Ní ann d'aon chineál ceangail – conartha nó aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.